

Ífocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Leabhrán Eolais do Thiarnaí Talún

Freagra le do chuid ceisteanna

www.hap.ie

HAP
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta
Housing Assistance Payment

Clár Ábhair

Faoin leabhrán seo

1. Céard í Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?
2. Céard iad na buntáistí atá le ÍCT domsa?
3. Conas a oibríonn ÍCT?
4. Céard iad na téarmaí agus coinníollacha atá le ÍCT?
5. An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?
6. Cé a íocann an éarlais cíosa?
7. Cé hé/hí an 'iarna talún' - mise nó an t-údarás áitiúil?
8. An féidir íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh?
9. Conas a oibríonn an t-athrú ó Fhorlíonadh Cíosa go dtí íocaíochtaí ÍCT?
10. Cén áit a bhféadfaidh mé tuilleadh eolais a fháil?

Faoin leabhrán seo

Tá sé mar aidhm leis an leabhrán seo aon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat, mar thiarna talún (nó mar ghníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an tiarna talún), faoi scéim nua na n-údarás áitiúil um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a fhreagairt.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)
Leabhrán Eolais do Thiarnaí Talún
Freagra le do chuid ceisteanna

1 Céard í Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)?

Is cineál tacaíochta do thithíocht shóisialta í Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) a chuireann gach údaráis áitiúla ar fáil. Tiocfaidh ÍCT in áit Forlíonadh Cíosa dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu agus a cháilíonn le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta. Faoi ÍCT cuireann údaráis áitiúla cúnamh tithíochta ar fáil do theaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu, lena n-áirítear go leor faighteoirí fadtéarmacha an Fhorlíonaidh Cíosa.

Soláthraíonn ÍCT córas tacaíochtaí tithíochta níos comhtháite agus tugann sí cead do theaghlaigh a aimsíonn fostaíocht fhadtéarmach fanacht sa scéim.

Faoi ÍCT, déanfaidh údaráis áitiúla íocaíochtaí thar ceann na dtionóntaí díreach leis na tiarnaí talún i dtaca le cíos. Beidh tionóntaí ÍCT freagrach as a gcuid cóiríochta féin a aimsiú san earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos.

2 Céard iad na buntáistí atá le ÍCT domsa?

- **Íocaíocht dhíreach – íocfar go leictreonach thú ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí.** Cumhdaíonn an íocaíocht seo áitiú na réadmhaoine ag an bhfaighteoir ÍCT don mhí féilire sin. Tá an íocaíocht faoi réir téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear srianta cíosa agus go n-íocfadh an tionónta ranníocaíocht cíosa leis an údarás áitiúil.

- **Comhleanúnachas íocaíochta** – ní thiocfaidh athrú ar an íocaíocht ÍCT a dhéantar leat má thagann athrú ar ioncam do thionónta.

- **Riarachán íseal** – Riarachán íseal – ní gá duit cíos a bhailiú ná iarratais ar íocaíocht a dhéanamh le do thionónta ÍCT.

- **Baincéireacht shaoráideach** – déantar gach íocaíocht go leictreonach.

- **Faoiseamh Cánach** - Ón 1 Eanáir 2016, is féidir le tiarnaí talún a ligeann réadmhaoin ar cíos do thionóntaí a fhaigheann tacaíochtaí tithíochta sóisialta, 4 amhail ÍCT, leas a bhaint as faoiseamh cánach méadaithe. Ceadaíonn sé seo d'úinéirí réadmhaoine faoiseamh 100% a éileamh ar a n-ús morgáiste, mar chostas in aghaidh ioncam cíosa. Chun cáiliú don fhaoiseamh cánach seo, ní foláir don tiarna talún gealltanas a thabhairt an chóiríocht a chur ar fáil do thionóntaí incháilithe ar feadh trí bliana ar a laghad, agus caithfear an gealltanas seo a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB). Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie

3 Conas a oibreoidh ÍCT?

Íocfaidh údaráis áitiúla íocaíochtaí ÍCT do theaghlaigh a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmaí acu díreach leat. Leagtar amach sna pointí seo a leanas mar a oibríonn an próiseas.

1) Aimsíonn iarratasóir atá incháilithe le haghaidh ÍCT réadmhaoin oiriúnach san earnáil chíosa príobháidigh. Mar chuid dá bpróiseas iarratais, ní mór duitse, tiarna talún na réadmhaoine, eolas ar leith a sheoladh chuig an údaráis áitiúil. Féadfaidh tú Cuid B den fhoirm iarratais ÍCT leis an eolas ábhartha a chur ar aghaidh go díreach chuig an údarás áitiúil.

Áireofar san eolas seo:

- Méid iomlán an chíosa míosúil
- Cruthúnas ar úinéireacht/teidlíocht gníomhú mar thiarna talún agus ainm agus seoladh réadmhaoine an tiarna talún i gceann amháin de na foirmeacha seo a leanas:

  a) Gníomhas teidil nó ionstraim reachtúil dá chomhchineál ag cruthú úinéireacht na réadmhaoine,

  b) fianaise ar chlárú reatha leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB),

  c) fianaise ar sceideal/pholasaí árachais foirgneamh reatha atá íoctha.

  d) fianaise ar íocaíocht na Cánach Maoine Áitiúla (LPT), nó

e) ráiteas morgáiste a bhfuil dáta air nach dtéann níos faide siar ná 12 mhí.

- Ceanntásc ráitis bainc, agus ainm is seoladh an tiarna talún/ghníomhaire air chun a chruthú go bhfuil an té/chuideachta a ainmníodh le híocaíochtaí ÍCT a fháil ina shealbhóir ar an gcuntas lena mbaineann na sonraí bainc a cuireadh ar fáil.

- Gealltanas i dtaca le comhlíontacht na réadmhaoine le caighdeáin um chóiríocht ar cíos

- Gealltanas i dtaca le do chomhlíontacht cánach féin

- Uimhir PPS an tiarna talún nó Uimhir Thagartha Cánach

Tá na gealltanais dá dtagraítear thuas leagtha amach i Roinn B den fhoirm iarratais ÍCT agus in “Cuid 4. Céard iad na téarmaí agus coinníollacha atá le ÍCT?” thíos.

2) Nuair a dhéanfar an t-iarratas a fhaomhadh, tosóidh an t-údarás áitiúil ag déanamh íocaíochtaí ÍCT ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí caol díreach isteach i do chuntas bainc faoi réir choinníollacha na scéime. Tabhair ar aird nach ndéanfaidh údarás áitiúil aon íocaíochtaí ÍCT leat roimh an dáta a bhfaighidh siad foirm iarratais ÍCT bailí agus iomlán ón iarratasóir agus uait féin mar thiarna talún. Má bhogann iarratasóir isteach i réadmhaoin roimh an dáta sin, beidh airsean aon chíos atá dlite a íoc. Moltar duit Cuid B den iarratas ÍCT a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an údarás áitiúil a luaithe is féidir tar éis tionóntacht a aontú.

3) Cinneann údarás áitiúil do thionónta cé mhéad cíosa difreálaigh a ghearrfar air agus cé mhéad d’íocaíocht ÍCT a dhéanfar leat mar thiarna talún thar a cheannsan.

4) Baineann na húdaráis áitiúla go léir úsáid as seirbhísí Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT, atá lonnaithe i Luimneach, chun íocaíochtaí cíosa ÍCT a dhéanamh le tiarnaí talún. Lena chois sin, bailíonn Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT na cíosa difreálacha ó thionóntaí ÍCT. Ar an ábhar sin, déanfar íocaíochtaí ÍCT isteach i do chuntas faoin ainm “Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT” nó “Comhairle Chathair agus Contae Luimnigh”.

5) Déanfaidh Ionad Seirbhísí Comhroinnte íocaíochtaí ÍCT go leictreonach isteach i do chuntas, thar ceann do thionónta, ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí. Cumhdaíonn an íocaíocht seo tréimhse áitithe na réadmhaoine ag an bhfaighteoir ÍCT don mhí féilire sin.

6) Dála scéim an Fhorlíonaidh Cíosa, beidh srianta ann maidir leis an íocaíocht uasta a bhaineann le cineálacha éagsúla teaghlach i gceantair éagsúla.

7) Dála mar atá i gcás tionóntachtaí eile, is é an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (RTA), 2004, a rialaíonn an caidreamh idir tú féin agus do thionónta. Ciallaíonn sé seo nach mór duit an tionóntacht a chlárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB). Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an RTB www.rtb.ie. Seolfaidh údaráis áitiúla liosta chuig an RTB de na tiarnaí talún ar fad atá ag fáil íocaíochtaí ÍCT. Tugann sé seo cead don RTB a sheiceáil go bhfuil na tionóntachtaí uile a bhfuil ÍCT á híoc cláraithe leo.

8) Níl conradh agat leis an údarás áitiúil. Déanann an t-údarás áitiúil íocaíochtaí thar ceann an tionónta ÍCT.

4 Céard iad na téarmaí agus coinníollacha atá le ÍCT?

1) Caighdeáin maidir le cóiríocht cíosa a chomhlíonadh.

Ní mór do réadmhaoin ÍCT, ar nós réadmhaoine eile cíosa, na caighdeáin atá ann maidir le cóiríocht cíosa a chomhlíonadh. Is féidir le d'údarás áitiúil eolas a thabhairt duit faoi na caighdeáin seo, nó is féidir leat cuairt a thabhairt ar an Rannóg Tithíochta ar láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Tuaithe agus Rialtais Áitiúil www.housing.gov.ie .

Mar chuid d'iarratas tionónta, ní mór duitse, mar thiarna talún, féindearbhú a thabhairt go sásaíonn an réadmhaoin na caighdeáin riachtanacha. Déanfaidh an t-údarás áitiúil an réadmhaoin a scrúdú chun a chinntiú go sásaíonn sí na caighdeáin chuí. Socróidh siad é seo taobh istigh d'ocht mí tar éis na chéad íocaíochta ÍCT.

2) Comhlíonadh cánach.

Chun íocaíochtaí ÍCT a fháil, ní mór go mbeifeá cáin-chomhlíontach. Iarrfar ort a dhearbhú go bhfuil tú cáin-chomhlíontach mar chuid d'iarratas ÍCT an tionónta. Ní mór duit fianaise ar chomhlíonadh cánach a sholáthar sula ndéantar íocaíochtaí suas go €10,000 leat. Le haghaidh tuilleadh eolais ar chomhlíonadh cánach, téigh chuig www.revenue.ie

3) Comhlíonadh Tionóntaí ÍCT.

Ní mór do thionóntaí ÍCT ranníocaíocht cíosa sheachtainiúil a íoc leis an údarás áitiúil i gcomhréir le scéim cíosanna difreálacha an údaráis áitiúil. **Ní mór dóibh** an ranníocaíocht seo a dhéanamh chun bheith incháilithe i gcónaí do ÍCT, agus íocaíochtaí ÍCT a fháil dá réir.

5 An bhfuil teorainneacha le híocaíochtaí ÍCT?

Tá. Faoi reachtaíocht ÍCT, sonraíonn an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil teorainneacha le haghaidh íocaíochtaí ÍCT bunaithe ar an líon daoine i dteaghlach agus an margadh cíosa sa cheantar. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó d'údarás áitiúil ar na teorainneacha a bhaineann le do réadmhaoin. D'fhéadfadh an méid sin a bheith éagsúil, ag brath ar mhéid teaghlaigh tionónta.

6 Cé a íocann an éarlais cíosa?

An tionónta a íocann an éarlais cíosa. **Faoin ÍCT, ní íocann** an t-údarás áitiúil an éarlais. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh tionóntaí a cháilíonn le haghaidh ÍCT incháilithe freisin le haghaidh cabhair ón Roinn Coimirce Sóisialaí. D'fheadfadh go gcabhródh an íocaíocht seo le héarlais a íoc, faoi réir faofa na Roinne Coimirce Sóisialaí.

7 Cé hé/hí an 'tiarna talún' - mise nó an t-údarás áitiúil?

Idir tú féin agus an tionónta ÍCT atá an caidreamh 'tiarna talún agus tionónta'. Is iad téarmaí an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú) a rialóidh an tionóntacht. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an tionónta ÍCT mar do thionónta agus ní tionónta de chuid an údaráis áitiúil é/í.

8 An féidir íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh?

Is féidir. Stopfaidh íocaíochtaí ÍCT má chuireann tusa nó do thionónta deireadh leis an tionóntacht ar aon cheann de na gnáthchúiseanna a ndéantar foráil dóibh san Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 (arna leasú).

Is féidir le húdaráis áitiúla íocaíochtaí a chur ar fionraí nó a stopadh ar chúiseanna eile freisin. Tugtar roinnt samplaí anseo thíos:

Sampla 1 – Níl Ranníocaíocht Cíosa Sheachtainiúil do Thionónta íoctha
Féadann údarás áitiúil íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí nó a stopadh má theipeann ar an tionónta ÍCT an ranníocaíocht riachtanach a dhéanamh leis an údarás áitiúil. Má tharlaíonn sé seo, tá an tionónta freagrach as an gcíos iomlán a íoc é féin. Chun an riosca ina leith seo a laghdú, éileofar ar fhaighteoirí ÍCT de ghnáth socruithe íocaíochta leictreonaí uathoibríche a dhéanamh.

Sampla 2 – Caighdeáin Chóiríochta Chíosa
Féadtar íocaíochtaí ÍCT a stopadh freisin má léiríonn an scrúdú ar an réadmhaoin nach sásaíonn an chóiríocht riachtanais na réadmhaoine cíosa agus go bhfuil teipthe ort í a thabhairt suas chuig an gcaighdeán cuí.

Sampla 3 – Gan Fianaise ar Chomhlíonadh Cánach
Féadtar íocaíochtaí a stopadh mura bhfuil fianaise ar chomhlíonadh cánach curtha ar fáil agat don údarás áitiúil sula ndéantar íocaíochtaí suas go €10,000 leat.

Mar chéad chéim, d'héadfaí íocaíochtaí ÍCT a chur ar fionraí seachas iad a stopadh chun roinnt ama a thabhairt duit aon deacrachtaí atá agat a réiteach. Má réitítear na deacrachtaí seo, cuirfear tús an athuair leis na híocaíochtaí; ach mura réitítear iad, d'fhéadfadh go stopfaí na híocaíochtaí ina n-iomláine.

9 Conas a oibríonn an t-athrú ó Fhorlíonadh Cíosa go híocaíochtaí ÍCT?

Oibríonn údaráis áitiúla i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun roinnt tionóntaí a athrú ó Fhorlíonadh Cíosa go híocaíochtaí ÍCT. Déanfar tionóntaí atá ag fáil Forlíonadh Cíosa ar feadh tréimhse fada ama agus atá tar éis cáiliú don tacaíocht tithíochta sóisialta a aistriú anonn go ÍCT de réir a chéile.

Má tá Forlíonadh Cíosa á fháil ag do thionónta, d'fhéadfadh go rachadh sé i dteagmháil leat faoi athrú go ÍCT. Is é a mheasaimid go bhfanfaidh na tionóntaí athraithe seo sa chóiríocht atá acu faoi láthair nuair is féidir. Nuair a thoilíonn tú glacadh le híocaíochtaí cúnaimh tithíochta, déanfar an t-athrú ar dháta comhaontaithe. Tar éis an dáta sin, déanfaidh an t-údarás áitiúil íocaíochtaí ÍCT díreach isteach i do chuntas bainc ar an gCéadaoin dheireanach de gach mí.

Cumhdaíonn sé seo áitiú na réadmhaoine ag an bhfaighteoir ÍCT don mhí féilire sin. Scríobhfar chugat féin agus chuig do thionónta an t-am sin chun an próiseas a mhíniú go soiléir daoibh.

Leanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí ar aghaidh ag íoc Forlíonadh Cíosa le tionóntaí nach gcáilíonn don tacaíocht tithíochta sóisialta - mar shampla, duine a chailleann ioncam mar thoradh ar dhífhostaíocht shealadach. Nuair a fhilleann siad ar an obair, ní gá tacaíocht a thabhairt dóibh níos mó.

10 Cén áit a bhféadfaidh mé tuilleadh eolais a fháil faoi ÍCT?

Déan teagmháil leis an Rannóg Tithíochta i d'údarás áitiúil.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar ÍCT, téigh chuig www.hap.ie nó

Láithreán gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil: www.housing.gov.ie

nó an láithreán gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh: www.citizensinformation.ie

Tacaithe By:

Atógáil Éireann
Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning, Community and Local Government

Údaráis Áitiúla Éireann
Local Authorities Ireland

housing agency

V.5 – feabhra 2017